Siondróm Tourette

I Have Tourettes, but Tourettes Doesn't Have Me

Teideal ar chlár faisnéise HBO a craoladh ar 11 Nollaig 2005,
atá liostaithe ar http://tsa-usa.org/

Caithfidh tic gutha (torainn) amháin nó níos mó agus il-ticeanna luaile (preaba) a bheith ann ar feadh bliana ar a laghad chun diagnóis de shiondróm Tourette a chinntiú. Tá seans go mbeidh na ticeanna seo ann ag an am céanna nó ag amanna difriúla agus go dtiocfaidh athruithe ar cé chomh minic agus ar cé chomh dian agus a bheidh siad. Go hiondúil, tosaíonn na hairíonna sula sroicheann an duine bliain is fiche. Tosaíonn an siondróm ag seacht mbliana d'aois ar an meán. Tá bunús bithcheimicieach le siondróm Tourette agus tarchuirtear é go géiniteach. Is féidir le ticeanna luaile nó gutha a bheith simplí nó casta.

Tá ticeanna simplí luaile a bhaineann leis an gceann agus an aghaidh, m.sh. caochadh na súl, fiarshúilí, rollú na súl, preaba na sróine, preaba béil, déanamh aghaidheanna, gobadh na teanga, bogadh nó claonadh an chinn go cliathánach. Ansin tá ticeanna simplí eile a bhaineann leis an gcorp m.sh. bogadh suas agus síos na guaillí, leathnú agus sracadh géag, ciceáil cos agus sracadh glún, agus crapadh boilg, is é sin, tarraingíonn an duine an bolg isteach. Tá ticeanna casta luaile ann freisin, m.sh. bolú agus líochán rudaí, caitheamh seilí, teagmháil le codanna dá gcorp féin agus le coirp daoine eile, agus geáitsí neamhghnácha cosúil le casadh, gogaireacht, truslóg a thabhairt, agus cromadh síos.

Tá ticeanna simplí gutha ann m.sh. síorbholaíocht, srannadh, glanadh scornaí, casachtach agus alpadh, agus tá ticeanna gutha níos casta ann m.sh. gnúsacht, tafann, screamhaíl, vácanna, feadaíl agus brúchtadh.

Saintréithe eile den siondróm ná palipraxia (gluaiseachtaí athchleachtacha cosúil le carbhat a cheangal arís agus arís eile), echopraxia (cóipeáil nó aithris ar rudaí a dhéanann daoine eile), macallachas (athrá nó aithris ar an méid a deir daoine), palilalia (athrá a dhéanamh ort féin arís agus arís, nó an focal nó frása deiridh atá luaite agat a athrá go seasmhach) agus copraxia (mallachtaí nó eascainí ainneonach atá míchuí).

I dtástálacha caighdeánaithe IQ (Sainuimhir Intleachta) ar dhaltaí a bhfuil siondróm Tourette orthu tá tromlach na ndaltaí laistigh de mheánteorainneacha sna tástálacha sin. Go minic, na deacrachtaí a bhíonn ag na daltaí sin sa seomra ranga baineann siad le hairíonna an neamhoird féin (nuair a chuireann na ticeanna na daltaí eile trí chéile nó nuair a chuireann na ticeanna isteach ar scríbhneoireacht láimhe nó ar rannpháirtíocht i gcomhráití ranga). Baineann deacrachtaí áirithe le hairíonna eile cosúil le hiompraíocht éigníoch dhúghafach agus neamhord hipirghníomhaíochta easnamh airde (NHEA), agus baineann cinn eile le deacrachtaí foghlama agus le deacrachtaí foghlama acadúla. Tá seans nach mbeidh dalta ábalta breathnú go díreach ar an múinteoir nó

léitheoireacht a dhéanamh go héasca mar gheall ar thiceanna cosúil le géar-chroitheadh cinn, searradh muiníl nó rollú na súl. Cuireann ticeanna láimhe isteach go hiondúil ar inléiteacht na lámhscríbhneoireachta agus tá seans go mbeidh deacrachtaí ag an dalta ag cóipeáil ón gclár nó ó fhoinse eile toisc easnaimh spásúla amhairc. Tá seans go gcuirfidh ticeanna bac ar ghníomhaíochtaí a bhfuil critéir dhochta ama ag gabháil leo, agus tá seans go mbeidh torthaí tástála níos ísle ann agus, dá bharr sin, go mbeidh meastachán míchruinn ar chumais.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Cuir an dalta ina s(h)uí ag taobh/barr an tseomra ranga ionas gur féidir leat aird speisialta a thabhairt dó/di ó thaobh treoracha de. Cabhróidh sé leis an dalta athfhócasú a dhéanamh freisin nuair is gá.
- Bí airdeallach chun cosc a chur ar aon spochadh a d'fhéadfadh tarlú.
- Cuir áit chiúin ar fáil don dalta chun gníomhaíochtaí agus tascanna a dhéanamh.
- Smaoinigh ar chluasáin a chur ar fáil don dalta chun éisteacht le ceol chun bac a chur ar aon rud a bhainfeadh aire an dalta de thasc.
- Ceadaigh saoirse gluaiseachta sa seomra ranga.
- Más gá don dalta aird a dhíriú ar thasc, is cabhair é má tá bréagán beag bog aige/aici le fáisceadh agus le hútamáil leis.
- Bris tascanna suas i gcodanna agus tabhair frámaí ama níos lú le tascanna a chomhlánú.
- Bain úsáid as ríomhaire ionas nach mbeidh ar an dalta an oiread sin lámhscríbhneoireachta a dhéanamh.
- Cuir an dalta ag obair le meantóir má chruthaíonn tic contúirt i ngníomhaíocht (m.sh. turgnamh eolaíochta).
- Leag síos gotha/comhartha láimhe chun a chur i gcuimhne don dalta, nuair is gá, gur chóir dó/di athfhócasú.
- Aithin dea-iompar le córas dearbháin chun iompraíocht thaghdach an dalta a bhainistiú.
- Ná cáin dalta as iompraíocht ticeanna.
- Go minic is gá gnáthamh docht a bheith ann do dhaltaí.
- Múin scileanna eagrúcháin go díreach.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Bronheim, S. (1999) *An Educator's Guide to Tourette Syndrome,* New York: Tourette Syndrome Association Inc, íoslódáil ó: http://www.tsa-usa.org/
2. Bruun, R.D. agus Bruun, B. (1994) *A Mind of its Own: Tourette's Syndrome – A Story and a Guide*, Oxford: Oxford University Press.
3. Carroll, A. agus Robertson, M. (2000) *Tourette Syndrome: A Practical Guide for Teachers, Parents and Carers,* Londain: David Fulton Publishers.
4. Chowdhury, U. agus Robertson, M. (2006) *Why Did You Do That: A Book about Tourette Syndrome for Children and Young People,* Londain: Jessica Kingsley.
5. Robertson, M. agus Baron-Cohen, S. (1998) *Tourette Syndrome: The Facts,* Oxford: Oxford University Press.
6. Shimberg, E. (1995) *Living with Tourette Syndrome,* Nua Eabhrac: Simon and Schuster.
7. An tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS), láithreán gréasáin: http://www.sess.ie/
8. Tourette Syndrome Association of Ireland, láithreán gréasáin: http://www.tsai.ie/
9. Tourettes Action (RA), láithreán gréasáin: http://www.tsa.org.uk/
10. Tourette Syndrome Association (SAM), láithreán gréasáin: http://www.tsa-usa.org/